IONSTRAIMÍ REACHTÚLA.

I.R. Uimh. 284 de 2009

AN TORDÚ UM AN ACHT CARTHANAS 2009 (TOSACH FEIDHME) 2009

(Prn. A9/1037)

I.R. Uimh. 284 de 2009

AN TORDÚ UM AN ACHT CARTHANAS 2009 (TOSACH FEIDHME) 2009

I bhfeidhmiú na gcumhachtaí a thugtar dom le halt 1(2) den Acht Carthanas 2009 (Uimh. 6 de 2009), ordaímse, ÉAMON Ó CUÍV, Aire Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta, leis seo mar a leanas:

1. Féadfar an tOrdú um an Acht Carthanas 2009 (Tosach Feidhme) 2009 a ghairm den Ordú seo.

2. Is é an 1ú lá de Mheán Fómhair an lá a cheaptar mar an lá a dtiocfaidh na forálacha seo a leanas den Acht Carthanas 2009 (Uimh. 6 de 2009) i ngníomh:

(*a*) alt 1;

(*b*) alt 2;

(*c*) alt 5;

(*d*) alt 10 (seachas fo-ailt (3) agus (4)); agus

(*e*) alt 99.

L.S.

ARNA THABHAIRT faoi mo Shéala Oifigiúil,
28 Iúil 2009

ÉAMON Ó CUÍV,
Aire Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta.

Foilsíodh fógra san "Iris Oifigiúil" an 31ú lá de Iúil, 2009 á rá go ndearnadh an Ionstraim Reachtúil seo.

NÓTA MÍNIÚCHÁIN

(Ní cuid den Ionstraim an nóta seo ná ní ceart a mheas gur míniú dlíthiúil uirthi é)

Déantar ailt 2, 5, 10 agus 99 den Acht Carthanas 2009 ("an tAcht") a thosú leis an Ordú seo. Is é an cuspóir atá leis an Ordú seo cion a dhéanamh de Chárta Aifrinn a dhíol de shárú ar fhorálacha alt 99 den Acht. Ceanglaítear le halt 99 den Acht nach bhféadfar Cártaí Aifrinn a dhíol ach amháin faoi shocrú le "duine aitheanta". Chun críocha alt 99 ciallaíonn duine aitheanta easpag, nó proibhinseal de chuid oird sagart arna bhunú faoi údarás na Naomh-Eaglaise Caitlicí Aspalda Rómhánaí. Leagtar amach in alt 10 den Acht na pionóis a d'fhéadfaí a ghearradh ar dhuine a chiontú mar gheall ar shárú ar alt 99. Is alt teicniúil é alt 5 ina bhforáiltear go n-íocfar caiteachais a thabhóidh an tAire ag riaradh an Achta as airgead a sholáthróidh an tOireachtas. Tá mínithe in alt 2 den Acht maidir le téarmaí áirithe a úsáidtear san Acht.

STATUTORY INSTRUMENTS.

S.I. No. 284 of 2009

CHARITIES ACT 2009 (COMMENCEMENT) ORDER 2009

(Prn. A9/1037)

S.I. No. 284 of 2009

CHARITIES ACT 2009 (COMMENCEMENT) ORDER 2009

I, ÉAMON Ó CUÍV, Minister for Community, Rural and Gaeltacht Affairs, in exercise of the powers conferred on me by section 1(2) of the Charities Act 2009 (No. 6 of 2009), hereby order as follows:

1. This Order may be cited as the Charities Act 2009 (Commencement) Order 2009.

2. The 1st day of September 2009 is appointed as the day on which the following provisions of the Charities Act 2009 (No. 6 of 2009) shall come into operation:

(*a*) section 1;

(*b*) section 2;

(*c*) section 5;

(*d*) section 10 (other than subsections (3) and (4)); and

(*e*) section 99.

L.S.

GIVEN under my Official Seal,
28 July 2009

ÉAMON Ó CUÍV,
Minister for Community, Rural and Gaeltacht Affairs.

Notice of the making of this Statutory Instrument was published in "Iris Oifigiúil" of 31*st July*, 2009.

EXPLANATORY NOTE

(This note is not part of the Instrument and does not purport to be a legal interpretation.)

This Order commences sections 2, 5, 10 and 99, of the Charities Act 2009 ("the Act"). The purpose of this Order is to make it an offence for a Mass Card to be sold in contravention of the provisions of section 99 of the Act. Section 99 of the Act requires that Mass Cards may only be sold under an arrangement with a "recognised person". A recognised person for the purposes of section 99 means a bishop, or a provincial of an order of priests established under the authority of, and recognised by, the Holy Catholic Apostolic and Roman Church. Section 10 of the Act sets out the possible penalties on conviction for a breach of section 99. Section 5 is a technical section that provides that expenses incurred by the Minister in the administration of the Act shall be paid out of moneys provided by the Oireachtas. Section 2 of the Act contains the definitions of certain terms used in the Act.

BAILE ÁTHA CLIATH
ARNA FHOILSIÚ AG OIFIG AN tSOLÁTHAIR
Le ceannach díreach ón
OIFIG DHÍOLTA FOILSEACHÁN RIALTAIS,
TEACH SUN ALLIANCE, SRÁID THEACH LAIGHEAN, BAILE ÁTHA CLIATH 2,
nó tríd an bpost ó
FOILSEACHÁIN RIALTAIS, AN RANNÓG POST-TRÁCHTA,
AONAD 20 PÁIRC MIONDÍOLA COIS LOCHA, CLÁR CHLAINNE MHUIRIS,
CONTAE MHAIGH EO,
(Teil: 01 - 6476834 nó 1890 213434; Fax: 094 - 9378964 nó 01 - 6476843)
nó trí aon díoltóir leabhar.

———————

DUBLIN
PUBLISHED BY THE STATIONERY OFFICE
To be purchased directly from the
GOVERNMENT PUBLICATIONS SALE OFFICE
SUN ALLIANCE HOUSE, MOLESWORTH STREET, DUBLIN 2,
or by mail order from
GOVERNMENT PUBLICATIONS, POSTAL TRADE SECTION,
UNIT 20 LAKESIDE RETAIL PARK, CLAREMORRIS, CO. MAYO,
(Tel: 01 - 6476834 or 1890 213434; Fax: 094 - 9378964 or 01 - 6476843)
or through any bookseller.

———————

ISBN 978-1-4064-4822-1

€2.54

9 781406 448221

Wt. (B27036). 315. 7/09. Cahill. Gr. 30-15.